

‘Cath idir an pobal agus an “murder machine”’: Luathbhlianta Ghluaiseacht na Gaelscolaíochta, 1969-76

An Dr Kerron Ó Luain

Ionad SEALBHÚ, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Comhalta iardhochtúireachta IRC/COGG



Cuid 1: Comhthéacs

- Gluaiseachtaí na seascaidí
- Athruithe sa gheilleagar
- Cúlú na Gaeilge

Figiúirí do Scoileanna lán-Ghaeilge sna Sé Chontae Fichead, 1968-1972

- Thit líon na scoileanna lán-Ghaeilge san iar-Ghaeltacht ó 50 go 23 in achar ceithre bliana, rud a b'ionann agus laghdú 54%.
- Sa Ghaeltacht, thit an figiúr do bhunscoileanna “lán-Ghaeilge” ó 193 go 173, titim 10%.
- Faoi 1971, ní raibh ach 14,053 de pháistí bunscoile an stáit sna scoileanna lán-Ghaeilge, nó 0.03% de dhaltaí scoile iomlán an stáit.

Foinse: *Staitisticí na Roinne Oideachais*

Cuid 2: Bunús sóisialta agus idé-eolaíochta

- Aicmí agus ceantair éagsúla
- Líonraí Gaeilge
- Idé-eolaíocht seanbhunaithe

“Caithfear obair na scoile a thuiscint i gcomhthéacs obair na Gaeilge ar bhonn náisiúnta, agus is i dtreo fíorú físe Mhic Phiarais agus Uí Chonghaile a bhí muintir Bhaile Munna ag saothrú, le go mbeadh Éire Saor agus Gaelach agus acmhainn éirime agus fisiciúil na tíre á saothrú ag muintir na hÉireann agus faoi smacht mhuintir na hÉireann” ~ Colm Ó Torna

(Inniu, 24 Meán Fómhair 1976).

An fhís a bhí agam, ba fhís oideachasúil í. Níorbh fhís athréimnithe teanga in aon chur í, mar mhothaíos, agus mothaím, nuair a roghnaíonn tuismitheoir páiste a chur go dtí Gaelscoil go bhfuil an socrú teanga déanta. Táimid go léir ar aon fhocal maidir le teanga... agus dá bhrí sin sé an ghnó atá agamsa ná an oiread oideachais den gcáilíocht is fearr is féidir a chur ar an oiread páistí agus is féidir. Sin í a bhí agam mar fhís. Theastaigh uaim páistí a fhorbairt a bheadh cumasach iontu féin, go mbeadh cead acu a dtuairimí a chur in iúl, go mbeadh meas acu ar a dtuairimí ach go mbeidís in ann iad a chosaint, go mbeadh scileanna anailíse acu...’

~ Brenda Ní Shúilleabháin

Cuid 3: Forbairt na Gluaiseachta

Scoil Neasáin	1969
Bunscoil Phobal Feirste	1971
Scoil Iognáid	1971
Scoil Moibhí	1972
Comhdháil na Scoileanna Gaelacha	1972
Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge	1973
Scoil an tSeachtar Laoch	1973
Scoil Naithí	1973
Scoil Chrónáin	1975
Scoil Oilibhéir	1975
Gaelscoileanna bunaithe	1976

Léarscáil a léiríonn rogha suíomhanna do Scoil Neasáin

Foinse: An Chartlann Náisiúnta





Breandán Feiritéar, c.1970

Foinse:

Dún Chaoin: Oscail an Scoil
le Colm Ó Snodaigh

Agóidí




Foinse:
Dún Chaoin: Oscail an Scoil
le Colm Ó Snodaigh



“Bhí Seachtar Laoch ar an gcéad scoil i gceantar lucht oibre. Sin an rud a chur isteach ormsa – nach raibh na cineál *rights* céanna againne... Ceapaim féin, i mBleá Cliath, do bhain an Ghaeilge leis an meán-aicme... Is cuimhin liom fear, bhíos ag déanamh *protest* lá amháin agus chuireas litir isteach sa Roinn Oideachais agus ghlac an fear seo an litir, agus ní dhéanfaidh mé dearmad ariamh ar an rud a dúirt sé liom “you can’t speak English in Ballymun, why ye looking for Irish?”... Ghearr sin mo chroí... *as if we were second class citizens* thuas i mBaile Munna.”

~ Éilís Uí Langáin



“I bhfad sular tháinig mé, bhí an scoil go léir, idir meán agus bunscoil, ag múineadh trí Ghaeilge, ach faoin am a tháinig mise, is trí Bhéarla amháin a bhí an bhunscoil a bhí príobháideach go dtí an lá ar thosnaigh mise. Tháinig mise ansin agus rinneadh mé i mo phríomhoide. D’athraigh siad ina scoil náisiúnta í. Chuir siad deireadh leis an scoil phríobháideach mar ní raibh ag éirí léi. Ón lá a thosnaigh mé, bhí gach rud trí Ghaeilge. Athrú iomlán a bhí ann ó scolaíocht lán-Bhéarla go scolaíocht lán-Ghaeilge”

~ Niall Ó Murchadha

Conclúid

- Ón mbun aníos
- Idé-eolaíocht / líonraí seanbhunaithe
- Pobail úra agus pobail seanbhunaithe
- Agóidí bríomhara, coistí neamhspléacha
- in adharca le fórsaí móra an “murder machine”: an coilíneachas, nualibrálachas, aicmeachas